**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile*

**2021/0372(CNS)**

26.10.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla

ar an togra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leagtar síos socruithe sonracha a bhaineann le cearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú)
(COM(2021)0732 – C9-0021/2022 – 2021/0372(CNS))

Rapóirtéir don tuairim: Domènec Ruiz Devesa

PA_Legam

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) Chuir Conradh 1992 ar an Aontas Eorpach (Conradh Maastricht) tús le céim nua sa phróiseas chun aontas buandlúite a chur ar bun idir pobail na hEorpa. Ar cheann de na cúraimí a bhí air ná an caidreamh idir pobail na mBallstát a eagrú ar dhóigh ina léirítear comhsheasmhacht agus dlúthpháirtíocht. Ar na cuspóirí a bhí aige bhí cosaint chearta agus leasanna náisiúnaigh a Bhallstát a neartú trí shaoránacht den Aontas a thionscnamh. Chuige sin, le Conradh Maastricht tionscnaíodh saoránacht an Aontais do náisiúnaigh uile na mBallstát agus tugadh roinnt ceart do na náisiúnaigh sin ar an mbonn sin.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) Tá an daonlathas ar cheann de na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe. Tá an ceart ag gach saoránach a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais. Tá sé tábhachtach a áirithiú gur féidir le saoránaigh shoghluaiste den Aontas a gcearta polaitiúla a fheidhmiú go hiomlán i gcomhthéacs na dtoghchán a bheidh*** |

***ann amach anseo do Pharlaimint na hEorpa ina ndéanfar ionadaíocht dhíreach ar shaoránaigh den Aontas. Má chailltear, i ngeall ar an tsoghluaisteacht Eorpach, cearta polaitiúla atá ag saoránaigh an Aontais, d'fhéadfadh sé go gcuirfí bac ar rannpháirtíocht i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa i gcás vótálaithe soghluaiste. Is gá go mbeidh cearta polaitiúla ag saoránaigh an Aontais ag teacht le chéile de réir a chéile in aontas buandlúite agus iad ag vótáil agus ag seasamh mar iarrthóirí do thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa.***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1c) I rún reachtach uaithi an 3 Bealtaine 2022 maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, lena n-aisghairtear Cinneadh (76/787/CEGC, CEE, Euratom) ón gComhairle agus an Ionstraim maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach atá i gceangal leis an gCinneadh sin, ghlac Parlaimint na hEorpa togra le haghaidh Ionstraim Eorpach um Thoghcháin ar bhonn Airteagal 223(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena ndéantar comhchuibhiú breise ar chóras toghchánach na mBallstát trí ghnéithe a thabhairt isteach a bhfuil sé mar aidhm leo an dlisteanacht dhaonlathach a fheabhsú agus chun fairsinge ról agus inniúlachtaí Pharlaimint na hEorpa a léiriú ar bhealach níos cruinne. I ngach liosta toghcháin agus toghlach arna gcinneadh leis an Acht, lena n-áirítear i gcás toghlach uile-Aontais a bhunú, chun a*** |

| | |
|---|---|
| | ***áirithiú go gcloífear le prionsabal an neamh-idirdhealaithe, ba cheart feidhm a bheith ag an gceart atá ag saoránaigh shoghluaiste chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóirí.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Le hAirteagal 20(2), pointe (b) agus le hAirteagal 22(2) ***den*** Chonradh ar fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) tugtar an ceart chun vótáil do shaoránaigh den Aontas, ar saoránaigh iad a bhfuil cónaí orthu i mBallstáit nach náisiúnaigh dá chuid iad, agus an ceart chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ina mBallstát cónaithe faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le náisiúnaigh an Bhallstáit óstaigh. Tugann an ceart sin, ar ceart é a dhearbhaítear le hAirteagal 39 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt), léiriú sonrach do phrionsabal an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe ar bhonn náisiúntachta a leagtar amach in Airteagal 21. Is atoradh é freisin ar an gceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse a chumhdaítear in Airteagal 20(2), pointe (a) agus in Airteagal 21 CFAE agus in Airteagal 45 den Chairt. | (2) Le hAirteagal 20(2), pointe (b) agus le hAirteagal 22(2) den Chonradh ar fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) tugtar an ceart chun vótáil do shaoránaigh den Aontas, ar saoránaigh iad a bhfuil cónaí orthu i mBallstáit nach náisiúnaigh dá chuid iad, agus an ceart chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ina mBallstát cónaithe faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le náisiúnaigh an Bhallstáit óstaigh. Tugann an ceart sin, ar ceart é a dhearbhaítear le hAirteagal 39 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt), léiriú sonrach do phrionsabal an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe ar bhonn náisiúntachta a leagtar amach in Airteagal 21. Is atoradh é freisin ar an gceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse a chumhdaítear in Airteagal 20(2), pointe (a) agus in Airteagal 21 CFAE agus in Airteagal 45 den Chairt. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Le Treoir 93/109/CE ón gComhairle leagtar amach na socruithe sonracha lena rialaítear feidhmiú an chirt | (3) Tá na socruithe sonracha lena rialaítear cearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do |

chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa

Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú ***do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad*** leagtha amach i dTreoir 93/109/CE ón gComhairle. ***Ba cheart na forálacha sin a bheith i gcomhréir le hAirteagal 223(1) CFAE agus leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir lena chur chun feidhme. Níor cheart go ndéanfadh socruithe den sórt sin difear d'fhorálacha gach Ballstáit maidir leis an gceart chun vótála nó chun seasamh mar iarrthóir dá náisiúnaigh a bhfuil cónaí orthu lasmuigh dá thoghchríoch ná do dhaoine áirithe a bhfuil dlúthnaisc acu leis an mBallstát sin, seachas a náisiúnaigh féin nó saoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát sin.***

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Sa Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2020 ón gCoimisiún[24], leag an Coimisiún béim ar an ngá atá leis na rialacha maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a nuashonrú, a shoiléiriú agus a neartú chun a áirithiú go gcuideoidh siad le rannpháirtíocht leathan chuimsitheach shaoránaigh ***shoghluaiste de chuid an Aontais***. Agus an taithí a fuarthas as Treoir 93/109/CE ón gComhairle a chur i bhfeidhm ar thoghcháin leantacha agus na hathruithe a tugadh isteach leis na leasuithe ar na Conarthaí á gcur san áireamh, ba cheart roinnt forálacha ón Treoir sin a nuashonrú. | (4) Sa Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2020 ón gCoimisiún[24], leag an Coimisiún béim ar an ngá atá leis na rialacha maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a nuashonrú, a shoiléiriú agus a neartú chun a áirithiú go gcuideoidh siad le rannpháirtíocht leathan chuimsitheach shaoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais ***a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad***. Agus an taithí a fuarthas as Treoir 93/109/CE ón gComhairle a chur i bhfeidhm ar thoghcháin leantacha agus na hathruithe a tugadh isteach leis na leasuithe ar na Conarthaí á gcur san áireamh, ba cheart roinnt forálacha ón Treoir sin a nuashonrú. |
| [24] https://ec.europa.eu/info/files/eu-citizenship-report-2020-empowering- | [24] https://ec.europa.eu/info/files/eu-citizenship-report-2020-empowering- |

citizens-and-protecting-their-rights_ga

citizens-and-protecting-their-rights_ga

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Tá Airteagal 20 (2) CFAE gan dochar d'Airteagal 223(1) CFAE , a dhéanann foráil maidir le bunú rialacha aonfhoirmeacha i ngach Ballstát i gcomhréir le prionsabail is coiteann do na Ballstáit uile ***do na toghcháin sin***. | (5) Tá Airteagal 20(2) CFAE gan dochar d'Airteagal 223(1) CFAE, a dhéanann foráil maidir le bunú nós imeachta aonfhoirmeach ***i dtaca le toghcháin do Pharlaimint na hEorpa*** i ngach Ballstát i gcomhréir le prionsabail is coiteann do na Ballstáit uile do na toghcháin sin. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Chun a áirithiú gur féidir le saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad ('saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad') a gceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le náisiúnaigh dá mBallstát óstach, ba cheart na coinníollacha lena rialaítear clárú agus rannpháirtíocht i dtoghcháin den sórt sin a shoiléiriú chun cóir chomhionann a áirithiú idir saoránaigh den Aontas ar náisiúnaigh iad agus saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad. Go háirithe, ba cheart cóir chomhionann a thabhairt do shaoránaigh den Aontas atá ag iarraidh vótáil agus seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ina mBallstát cónaithe a mhéid a bhaineann le haon tréimhse chónaithe atá le comhlíonadh mar choinníoll chun an ceart | (6) Chun a áirithiú gur féidir le saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad ('saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad') a gceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le náisiúnaigh dá mBallstát óstach, ba cheart na coinníollacha lena rialaítear clárú agus rannpháirtíocht i dtoghcháin den sórt sin a shoiléiriú chun cóir chomhionann a áirithiú idir saoránaigh den Aontas ar náisiúnaigh iad agus saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad. Go háirithe, ba cheart an chóir chéanna a thabhairt do shaoránaigh den Aontas atá ag iarraidh vótáil agus seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ina mBallstát cónaithe ***agus a thugtar do náisiúnaigh an Bhallstáit sin*** a mhéid a bhaineann le haon tréimhse chónaithe atá |

| | |
|---|---|
| a fheidhmiú, agus na cruthúnais chun a léiriú go gcomhlíonann siad coinníoll den sórt sin. | le comhlíonadh mar choinníoll chun an ceart a fheidhmiú, agus na cruthúnais chun a léiriú go gcomhlíonann siad coinníoll den sórt sin. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Ní mór saoirse shaoránaigh an Aontais maidir le cén Ballstát ar mhaith leo bheith páirteach ann sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a urramú, agus na bearta iomchuí chun a áirithiú nach féidir le duine ar bith níos mó ná vóta amháin a chaitheamh nó bheith ina n-iarrthóirí i níos mó ná Ballstát amháin. | (7) Ní mór saoirse shaoránaigh an Aontais maidir le cén Ballstát ar mhaith leo bheith páirteach ann sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a urramú, agus na bearta iomchuí ***á ndéanamh*** chun a áirithiú nach féidir le duine ar bith níos mó ná vóta amháin a chaitheamh nó bheith ina n-iarrthóirí i níos mó ná Ballstát amháin. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) I gcomhréir le caighdeáin Idirnáisiúnta agus Eorpacha, lena n-áirítear ceanglais an Chúnaint Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla ***agus*** dlí an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine, ba cheart do na Ballstáit an ceart atá ag saoránaigh den Aontas chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a aithint agus a urramú, ní hamháin sin ach rochtain éasca ar a gcearta toghchánacha a áirithiú freisin tríd ***an oiread*** constaicí ar thoghcháin a bhaint ***agus is féidir***. | (8) I gcomhréir le caighdeáin Idirnáisiúnta agus Eorpacha, lena n-áirítear ceanglais an Chúnaint Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus dlí an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine ***agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas***, ba cheart do na Ballstáit an ceart atá ag saoránaigh den Aontas chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a aithint agus a urramú, ní hamháin sin ach rochtain éasca ar a gcearta toghchánacha a áirithiú freisin trí na constaicí ***go léir*** ar rannpháirtíocht i dtoghcháin a bhaint. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Chun feidhmiú an chirt atá ag saoránaigh den Aontas chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir ina mBallstát cónaithe a éascú, ba cheart saoránaigh ***den sórt sin*** a chur leis an rolla toghthóirí in am trátha roimh lá na vótála. Ba cheart go mbeadh na foirmiúlachtaí is infheidhme maidir lena gclárú chomh simplí agus is féidir. Ba cheart gur leor do na saoránaigh den Aontas lena mbaineann cárta aitheantais bailí agus dearbhú foirmiúil a sholáthar ina bhfuil gnéithe a thugann fianaise go bhfuil siad i dteideal páirt a ghlacadh sna toghcháin. Nuair a bheidh saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad cláraithe, ba cheart iad a fhágáil ar an rolla toghthóirí faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le saoránaigh den Aontas ar náisiúnaigh den Bhallstát lena mbaineann iad, fad is a chomhlíonfaidh siad na coinníollacha chun an ceart chun vótáil a fheidhmiú. Ina theannta sin, ba cheart do shaoránaigh den Aontas sonraí teagmhála a chur ar fáil do na húdaráis inniúla, rud a chuirfidh ar chumas na n-institiúidí sin iad a choinneáil ar an eolas ar bhonn rialta. | (9) Chun feidhmiú an chirt atá ag saoránaigh den Aontas ***nach náisiúnaigh iad*** chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir ina mBallstát cónaithe a éascú, ***ba cheart do na Ballstáit iarracht a dhéanamh clárú uathoibríoch mar vótálaí a chur ar fáil, tar éis do*** shaoránaigh ***an Aontais a chur in iúl gur mian leo vótáil ina mBallstát cónaithe. I gcás nár úsáideadh clárú uathoibríoch, ba cheart saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad ar mian leo vótáil*** a chur ar rolla na dtoghthóirí in am trátha roimh lá na vótála. Ba cheart go mbeadh na foirmiúlachtaí is infheidhme maidir lena gclárú chomh simplí ***agus chomh cosúil*** agus is féidir ***ar fud na mBallstát***. Ba cheart gur leor do na saoránaigh den Aontas lena mbaineann cárta aitheantais bailí agus dearbhú foirmiúil a sholáthar ina bhfuil gnéithe a thugann fianaise go bhfuil siad i dteideal páirt a ghlacadh sna toghcháin. Nuair a bheidh saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad cláraithe, ba cheart iad a fhágáil ar rolla na dtoghthóirí faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le saoránaigh den Aontas ar náisiúnaigh den Bhallstát lena mbaineann iad, fad is a chomhlíonfaidh siad na coinníollacha chun an ceart chun vótáil a fheidhmiú. Ina theannta sin, ba cheart do shaoránaigh den Aontas sonraí teagmhála a chur ar fáil do na húdaráis inniúla, rud a chuirfidh ar chumas na n-institiúidí sin iad a choinneáil ar an eolas ar bhonn rialta. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (11) Chun a áirithiú go dtabharfar cóir chomhionann do shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad atá ag féachaint leis an gceart chun seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin ina mBallstát cónaithe a fheidhmiú, ba cheart é a bheith de cheangal ar shaoránaigh den sórt sin na doiciméid tacaíochta chéanna a chur ar fáil leo siúd ar náisiúnaigh den Bhallstát lena mbaineann iad. Mar sin féin, ***chun a shuí*** gur tairbhithe iad saoránaigh den sórt sin ar an gceart sin a leagtar síos in Airteagal 20(2)(b) agus in Airteagal 22(2) CFAE, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a cheangal go gcuirfear dearbhú foirmiúil ar fáil ina bhfuil gnéithe is gá chun a chruthú go bhfuil sé i dteideal acu seasamh sna toghcháin i gceist. | (11) Chun a áirithiú go dtabharfar cóir chomhionann do shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad atá ag féachaint leis an gceart chun seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin ina mBallstát cónaithe a fheidhmiú, ba cheart é a bheith de cheangal ar shaoránaigh den sórt sin na doiciméid tacaíochta chéanna a chur ar fáil leo siúd ar náisiúnaigh den Bhallstát lena mbaineann iad. Mar sin féin, ***tá fíorleas ag na Ballstáit a shuí*** gur tairbhithe iad na saoránaigh sin den cheart a leagtar síos in Airteagal 20(2)(b) agus in Airteagal 22(2) CFAE. ***Ar an gcúis sin,*** ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a cheangal ***go neamhghnách*** go dtabharfaí dearbhú foirmiúil ar aird ina n-áirítear na heilimintí is gá chun fianaise a thabhairt go bhfuil siad i dteideal seasamh sna toghcháin atá i gceist. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11 a) Chun saoránaigh Eorpacha a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh de iad a chumasú le bheith incháilithe go hiarbhír seasamh i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, ba cheart páirtithe polaitiúla náisiúnta a spreagadh gan ballraíocht a dhéanamh coinníollach ar náisiúntacht Bhallstát an toghcháin a bheith acu.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Chun sainaithint chruinn na vótálaithe agus na n-iarrthóirí atá cláraithe | (12) Chun sainaithint chruinn na vótálaithe agus na n-iarrthóirí atá cláraithe |

| | |
|---|---|
| ina mBallstát baile agus ina mBallstát cónaithe araon a éascú, ba cheart go n-áireofaí le liosta na sonraí a iarrfar ar shaoránaigh den Aontas, agus ***iarratas*** chun dul isteach sna rollaí toghthóirí nó chun seasamh mar iarrthóirí ina mBallstát cónaithe á thíolacadh acu, uimhir aitheantais phearsanta nó sraithuimhir doiciméad aitheantais nó taistil bailí. | ina mBallstát baile agus ina mBallstát cónaithe araon a éascú, ba cheart go n-áireofaí le liosta na sonraí a iarrfar ar shaoránaigh den Aontas, nuair ***a chláraítear iad go huathoibríoch nó nuair a dhéanann siad dearbhú foirmiúil a thíolacadh maidir leis an rún atá acu*** chun dul isteach sna rollaí toghthóirí nó chun seasamh mar iarrthóirí ina mBallstát cónaithe, uimhir aitheantais phearsanta nó sraithuimhir doiciméad aitheantais nó taistil bailí. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Maidir le saoránaigh den Aontas ar baineadh a gcearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóirí díobh, ar bhonn cinneadh aonair dlí sibhialta nó dlí coiriúil a ghlac an t-údarás inniúil, ba cheart cosc a chur orthu ón gceart sin a fheidhmiú ina mBallstát cónaithe i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Nuair a fhaigheann na Ballstáit iarratas ar chlárú mar vótálaí, féadfaidh siad dearbhú foirmiúil ina ndeimhneofar nár baineadh a gcearta chun vótáil díobh a iarraidh ar an saoránach i gceist. Nuair a sheasann ***saoránaigh den Aontas mar iarrthóirí ina dtír chónaithe***, ***ba cheart a cheangal orthu*** ráiteas a chur ar fáil ina ndeimhneofar nár baineadh a gcearta chun seasamh i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa díobh. | (13) Maidir le saoránaigh den Aontas ar baineadh a gcearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóirí díobh, ar bhonn cinneadh aonair dlí sibhialta nó dlí coiriúil a ghlac an t-údarás inniúil, ba cheart cosc a chur orthu ón gceart sin a fheidhmiú ina mBallstát cónaithe i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. ***Ar chlárú uathoibríoch nó*** nuair a fhaigheann na Ballstáit iarratas ar chlárú mar vótálaí, féadfaidh siad dearbhú foirmiúil ina ndeimhneofar nár baineadh a gcearta chun vótáil díobh a iarraidh ar an saoránach i gceist. Nuair ***a fhaigheann Ballstáit iarratas*** chun seasamh ***mar iarrthóir***, ***féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar an saoránach*** den Aontas ***lena mbaineann*** ráiteas a chur ar fáil ina ndeimhneofar nár baineadh a gcearta chun seasamh i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa díobh. ***Níor cheart feidhm a bheith ag na ceanglais sin ach amháin nuair is infheidhme iad freisin maidir le náisiúnaigh an Bhallstáit cónaithe.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Chun cosc a chur ar an ilvótáil nó ar ar chásanna ina seasfadh an duine céanna mar iarrthóir níos mó ná uair amháin sna toghcháin chéanna, ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis a bhailítear ó na dearbhuithe foirmiúla a chuireann vótálaithe agus saoránaigh den Aontas atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí ar fáil a mhalartú. Ós rud é go mbraitheann na Ballstáit ar shonraí difriúla chun saoránaigh a shainaithint, ba cheart tacar coiteann sonraí a bheartú chun vótálaithe de chuid an Aontais agus saoránaigh den Aontas atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí a shainaithint go cruinn agus cosc a chur orthu vótáil nó seasamh mar iarrthóir níos mó ná uair amháin. Na sonraí pearsanta a mhalartaítear, ba cheart go mbeadh siad teoranta don mhéid is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach. | (16) Chun cosc a chur ar an ilvótáil nó ar chásanna ina seasfadh an duine céanna mar iarrthóir níos mó ná uair amháin sna toghcháin chéanna, tá ar Bhallstáit ***a gcórais riaracháin a chomhordú ar bhealach comhleanúnach. Ar an gcúis sin,*** ba cheart ***ceangal a chur ar na Ballstáit*** faisnéis a mhalartú arna bailiú ó na dearbhuithe foirmiúla a chuireann vótálaithe an Aontais agus saoránaigh an Aontais ***nach náisiúnaigh iad*** atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí i mBallstát cónaithe ar fáil. Ós rud é go mbraitheann na Ballstáit ar shonraí difriúla chun saoránaigh a shainaithint, ba cheart tacar coiteann sonraí a bheartú chun vótálaithe de chuid an Aontais agus saoránaigh den Aontas atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí a shainaithint go cruinn agus cosc a chur orthu vótáil nó seasamh mar iarrthóir níos mó ná uair amháin. Na sonraí pearsanta a mhalartaítear, ba cheart go mbeadh siad teoranta don mhéid is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) An malartú faisnéise idir na Ballstáit chun cosc a chur ar an ilvótail nó ar chásanna ina seasfadh an duine céanna mar iarrthóir níos mó ná uair amháin sa toghchán céanna, níor cheart go gcuirfeadh an malartú sin cosc ar a gcuid náisiúnaigh vótáil nó seasamh mar iarrthóirí i gcineálacha eile toghcháin. Chun cumarsáid idir údaráis náisiúnta a éascú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit ***pointe*** teagmhála amháin a ainmniú don mhalartú | (17) An malartú faisnéise idir na Ballstáit chun cosc a chur ar an ilvótail nó ar chásanna ina seasfadh an duine céanna mar iarrthóir níos mó ná uair amháin sa toghchán céanna, níor cheart go gcuirfeadh an malartú sin cosc ar a gcuid náisiúnaigh vótáil nó seasamh mar iarrthóirí i gcineálacha eile toghcháin. Chun cumarsáid idir údaráis náisiúnta a éascú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit ***údarás*** teagmhála amháin a ainmniú don mhalartú |

| | |
|---|---|
| faisnéise sin. D'fhorbair an Coimisiún uirlis shlán roimhe a bhí le húsáid ag na Ballstáit faoina bhfreagracht chun na sonraí ba ghá a mhalartú. Ba cheart an uirlis shlán sin a ionchorpú sa Treoir seo, chun tacaíocht bhreise a thabhairt do mhalartuithe idir údaráis inniúla na mBallstát. Gníomhóidh na Ballstáit mar rialaitheoirí ar leithligh dá bpróiseáil sonraí pearsanta i dtaca leis seo. | faisnéise sin. D'fhorbair an Coimisiún uirlis shlán roimhe a bhí le húsáid ag na Ballstáit faoina bhfreagracht chun na sonraí ba ghá a mhalartú. Ba cheart an uirlis shlán sin a ionchorpú sa Treoir seo, chun tacaíocht bhreise a thabhairt do mhalartuithe idir údaráis inniúla na mBallstát. ***Gníomhóidh*** na Ballstáit mar rialaitheoirí ar leithligh dá bpróiseáil sonraí pearsanta i dtaca leis seo. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Déanann an easpa faisnéis leormhaith difear, i gcomhthéacs nósanna imeachta toghchánacha, do shaoránaigh agus iad ag feidhmiú a gcearta toghchánacha mar chuid dá gcearta mar shaoránaigh den Aontas. Déanann sé difear freisin d'inniúlacht na n-údarás inniúil chun a gcearta a fheidhmiú agus a gcuid oibleagáidí a chur i gcrích. Ba cheart a cheangal ar na Ballstáit údaráis a ainmniú a mbeadh freagrachtaí speisialta acu chun faisnéis iomchuí a chur ar fáil do shaoránaigh den Aontas maidir lena gcearta faoi Airteagal 20(2), pointe (b), agus faoi Airteagal 22(2) CFAE agus faoi na rialacha agus na nósanna imeachta náisiúnta a bhaineann le rannpháirtíocht i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus le na n-eagrú. Chun éifeachtacht na cumarsáide a áirithiú, ba cheart an fhaisnéis a chur ar fáil i dtéarmaí soiléire agus sothuigthe. | (20) Déanann an easpa faisnéis leormhaith difear, i gcomhthéacs nósanna imeachta toghchánacha, do shaoránaigh agus iad ag feidhmiú a gcearta toghchánacha mar chuid dá gcearta mar shaoránaigh den Aontas. Déanann sé difear freisin d'inniúlacht na n-údarás inniúil chun a gcearta a fheidhmiú agus a gcuid oibleagáidí a chur i gcrích. Ba cheart a cheangal ar na Ballstáit údaráis a ainmniú a mbeadh freagrachtaí speisialta acu chun faisnéis iomchuí a chur ar fáil do shaoránaigh den Aontas maidir lena gcearta faoi Airteagal 20(2), pointe (b), agus faoi Airteagal 22(2) CFAE agus faoi na rialacha agus na nósanna imeachta náisiúnta a bhaineann le rannpháirtíocht i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus le na n-eagrú. ***Ba cheart do na húdaráis sin feachtais faisnéise a chomhordú i gcomhar le húdaráis áitiúla agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, nuair is féidir.*** Chun éifeachtacht na cumarsáide a áirithiú, ba cheart faisnéis a chur ar fáil i dtéarmaí soiléire sothuigthe***, go hidéalach gan dul thar leibhéal castachta níos airde ná leibhéal B1 (idirmheánach) de Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha de chuid Chomhairle na hEorpa*. *Ba cheart an*** |

***fhaisnéis a sholáthar go tráthúil, agus é á chur san áireamh go ndúnfar rollaí toghthóirí 14 seachtaine roimh lá na vótaíochta agus go bhfógrófar na hiarrthóirí 12 sheachtain roimh lá na vótála, chun go mbeidh na Ballstáit in ann faisnéis a mhalartú de réir na bhforálacha a leagtar amach in Airteagal 13(1).***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Chun feabhas a chur ar inrochtaineacht na faisnéise toghchánaí, ba cheart faisnéis den sórt sin a chur ar fáil ***i gceann amháin eile ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais seachas teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit óstaigh, ar teanga í a mbeadh tuiscint éigin ag an líon is mó saoránach den Aontas is féidir a bhfuil cónaí orthu ar a chríoch.*** Féadfaidh ***na Ballstáit*** teangacha oifigiúla difriúla de chuid an Aontais ***a úsáid i gcodanna sonracha dá gcríoch nó dá gcuid réigiún ag brath ar an teanga a mbeadh tuiscint ag an líon is mó saoránach den Aontas a bhfuil cónaí orthu ann***. | (21) Chun feabhas a chur ar inrochtaineacht na faisnéise toghcháin, ba cheart an fhaisnéis sin a chur ar fáil ***i dteangacha oifigiúla uile an Aontais.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(22) Caithfidh gá a bheith le haon mhaolú ó rialacha ginearálta na Treorach seo, de bhun Airteagal 22 (2) CFAE, mar gheall ar fhadhbanna a bhaineann go sonrach le Ballstát agus caithfidh sé bheith i gcomhréir le ceanglais*** | ***scriosta*** |

***Airteagal 52 den Chairt, lena n-áirítear go bhforáilfear leis an dlí d'aon teorainn le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus go gcuirfear faoi réir phrionsabail na comhréireachta agus an riachtanais iad . Ina theannta sin, caithfidh aon mhaolú a bheith faoi réir athbhreithnithe dá bhforáiltear le hAirteagal 47 den Chairt .***

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(23) D'fhéadfadh fadhbanna sonracha den sórt sin teacht chun cinn i mBallstát ina bhfuil an sciar de na saoránaigh den Aontas atá in aois vótála, a bhfuil cónaí orthu ann ach nach náisiúnaigh dá chuid iad, go mór thar an meán. Maoluithe maidir leis an gceart chun vótáil, ba cheart údar a bheith leo nuair is ionann líon na saoránach sin agus níos mó ná 20 % de chlár iomlán na dtoghthóirí bunaithe ar chritéar tréimhse cónaithe;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(24) Ballstáit ina bhfuil sciar na saoránach ar neamhnáisiúnaigh iad in aois vótála thar 20 % de líon iomlán toghthóirí an Aontais in aois vótála a bhfuil cónaí orthu ann i gcomhréir le hAirteagal 22(2) CFAE ba cheart go bhféadfadh sé forálacha sonracha maidir le comhdhéanamh liostaí na n-iarrthóirí a*** | ***scriosta*** |

***leagan síos.***

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) D'fhéadfadh sonraí maidir le feidhmiú ceart agus cur chun feidhme na Treorach seo a bheith úsáideach chun na bearta is gá a shainaithint chun feidhmiú éifeachtach chearta toghchánacha na saoránach den Aontas a áirithiú. Chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí maidir le toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, is gá faireachán agus tuairisciú rialta ar chur chun feidhme sna Ballstáit a thabhairt isteach. Ag an am céanna, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach seo, agus tuarascáil ina bhfuil measúnú den sórt sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, tar éis gach toghchán do Pharlaimint na hEorpa. | (26) D'fhéadfadh sonraí maidir le feidhmiú ceart agus cur chun feidhme na Treorach seo a bheith úsáideach chun na bearta is gá a shainaithint chun feidhmiú éifeachtach chearta toghchánacha na saoránach den Aontas a áirithiú. Chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí maidir le toghcháin do Pharlaimint na hEorpa ***agus chun comhchuibhiú a dhéanamh air***, is gá faireachán agus tuairisciú rialta ar chur chun feidhme sna Ballstáit a thabhairt isteach. ***Ba cheart na sonraí sin a bhailiú ar bhealach trédhearcach comhordaithe ar fud na mBallstát uile agus ar bhonn comhtháscairí.*** Ag an am céanna, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach seo, agus tuarascáil ina bhfuil measúnú den sórt sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, tar éis gach toghchán do Pharlaimint na hEorpa. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Is gá don Choimisiún a mheasúnú féin a dhéanamh de chur i bhfeidhm na Treorach seo laistigh de thréimhse ama réasúnta ***tar éis dhá thoghchán*** do Pharlaimint na hEorpa ***ar a laghad***. | (27) Is gá don Choimisiún a mheasúnú féin a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach seo laistigh de thréimhse ama réasúnta tar éis ***gach toghcháin*** do Pharlaimint na hEorpa***, agus, más iomchuí, togra reachtach chun an Treoir seo a leasú ag gabháil léi***. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Tá gealltanas tugtha ag na Ballstáit, trí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a dhaingniú, agus ag an Aontas, tríd a thabhairt i gcrích[27], chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Coinbhinsiún sin. Chun ***tacú le*** rannpháirtíocht chuimsitheach agus chomhionann daoine faoi mhíchumas i dtoghcháin, ba cheart aird chuí a bheith ag na socruithe le haghaidh saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad chun a gcearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a fheidhmiú sa Bhallstát sin i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ar riachtanais na saoránach faoi mhíchumas agus na saoránach níos sine. | (29) Tá gealltanas tugtha ag na Ballstáit, trí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a dhaingniú, agus ag an Aontas, tríd a thabhairt i gcrích[27], chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Coinbhinsiún sin. Chun rannpháirtíocht chuimsitheach agus chomhionann daoine faoi mhíchumas i dtoghcháin ***a áirithiú***, ba cheart aird chuí a bheith ag na socruithe le haghaidh saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad chun a gcearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a fheidhmiú sa Bhallstát sin i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ar riachtanais ***shonracha*** na saoránach faoi mhíchumas agus na saoránach níos sine. ***Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh daoine faoi mhíchumas, arna iarraidh sin dóibh, cúnamh chun vótáil ó dhuine dá rogha féin. Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le féidearthacht na vótála poist agus féadfaidh siad foráil a dhéanamh maidir le vótáil fhisiciúil roimh ré.*** |
| [27] Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (IO L 23, 27.1.2010, lch. 35). | [27] Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (IO L 23, 27.1.2010, lch. 35). |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Déanfaidh na Ballstáit uile iarracht ar chlárú uathoibríoch vótálaithe a thabhairt isteach do vótálaithe nach náisiúnaigh iad de chuid an Aontais tar éis dóibh toiliú a fháil ó shaoránaigh an Aontais lena mbaineann tráth an chláraithe mar chónaitheoir sa Bhallstát cónaithe. Vótálaithe neamhnáisiúnta de chuid an Aontais a roghnaigh gan clárú go huathoibríoch, iarrfar orthu clárú mar vótálaí i bhfad roimh an tréimhse toghcháin.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Más rud é, chun vótáil nó chun seasamh mar iarrthóirí, nach mór do náisiúnaigh an Bhallstáit chónaithe íostréimhse áirithe a bheith caite acu ***mar chónaitheoir*** i dtoghlimistéar an Bhallstáit sin, measfar an coinníoll sin a bheith comhlíonta ag vótálaithe Aontais agus saoránaigh den Aontas atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí má bhí gnáthchónaí orthu i mBallstáit eile ar feadh tréimhse choibhéiseach. Beidh feidhm ag an bhforáil seo gan dochar d’aon choinníoll sonrach a bhaineann le tréimhse cónaithe i dtoghlach nó i ndúiche ar leith. | Más rud é, chun vótáil nó chun seasamh mar iarrthóirí, nach mór do náisiúnaigh an Bhallstáit chónaithe íostréimhse áirithe a bheith caite acu mar ***chónaitheoirí*** i dtoghlimistéar an Bhallstáit sin, measfar an coinníoll sin a bheith comhlíonta ag vótálaithe Aontais agus saoránaigh den Aontas atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí má bhí gnáthchónaí orthu i mBallstáit eile ar feadh tréimhse choibhéiseach. Beidh feidhm ag an bhforáil seo gan dochar d’aon choinníoll sonrach a bhaineann le tréimhse cónaithe i dtoghlach nó i ndúiche ar leith. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 1. Saoránaigh de chuid an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnach de iad , agus a ndearnadh, trí chinneadh breithiúnach aonair nó trí | 1. Saoránaigh de chuid an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnach de iad, agus a ndearnadh, trí chinneadh breithiúnach aonair nó trí |

| | |
|---|---|
| chinneadh riaracháin aonair, ar choinníoll gur féidir an cinneadh riaracháin a bheith faoi réir ag leigheasanna breithiúnacha, a gceart chun seasamh mar iarrthóir faoi dhlí an Bhallstáit chónaithe nó faoi dhlí an Bhallstáit bhaile a bhaint díobh ,cuirfear bac orthu an ceart sin a fheidhmiú sa Bhallstát cónaithe i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. | chinneadh riaracháin aonair, ar choinníoll gur féidir an cinneadh riaracháin a bheith faoi réir ag leigheasanna breithiúnacha, a gceart chun seasamh mar iarrthóir faoi dhlí an Bhallstáit chónaithe nó faoi dhlí an Bhallstáit bhaile a bhaint díobh, cuirfear bac orthu an ceart sin a fheidhmiú sa Bhallstát cónaithe i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. ***Ní fhágfaidh cinntí maidir le cailleadh acmhainneachta dlíthiúla de bharr míchumais arna nglacadh ag an mBallstát tionscnaimh, áfach, nach mbeidh saoránaigh an Aontais neamh-incháilithe chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ina mBallstát cónaithe má sheasann dlí an Bhallstáit sin leis an gceart sin atá ag gach duine faoi mhíchumas gan srianta.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Ainmneoidh na Ballstáit ***pointe*** teagmhála chun an fhaisnéis is gá chun mír 3 a chur i bhfeidhm a fháil agus a tharchur. Cuirfidh siad ainm agus sonraí teagmhála an ***phointe*** teagmhála in iúl don Choimisiún chomh maith le haon fhaisnéis nuashonraithe nó athruithe a bhaineann léi. Coinneoidh an Coimisiún liosta de na ***pointí*** teagmhála go léir agus cuirfidh sé an liosta sin ar fáil do na Ballstáit. | 5. Ainmneoidh na Ballstáit ***údarás*** teagmhála chun an fhaisnéis is gá a fháil agus a tharchur chun mír 3 a chur i bhfeidhm. Cuirfidh siad ainm agus sonraí teagmhála an ***údaráis*** teagmhála in iúl don Choimisiún chomh maith le haon fhaisnéis nuashonraithe nó athruithe a bhaineann léi. Coinneoidh an Coimisiún liosta de na ***húdaráis*** teagmhála go léir agus cuirfidh sé an liosta sin ar fáil do na Ballstáit. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le saoránaigh an Aontais a chuir a mian in iúl a gceart chun vótáil a | 1. Maidir le saoránaigh an Aontais a chuir a mian in iúl a gceart chun vótáil a |

| | |
|---|---|
| fheidhmiú ann, féadfaidh an Ballstát cónaithe a sheiceáil ar baineadh nó nár baineadh a gceart chun vótáil ann díobh sa Bhallstát cónaithe trí chinneadh aonair den dlí sibhialta nó den dlí coiriúil. | fheidhmiú ann, féadfaidh an Ballstát cónaithe a sheiceáil ar baineadh nó nár baineadh a gceart chun vótáil ann díobh sa Bhallstát cónaithe trí chinneadh aonair den dlí sibhialta nó den dlí coiriúil. ***Ní fhágfaidh cinntí maidir le cailleadh acmhainneachta dlíthiúla de bharr míchumais arna nglacadh ag an mBallstát tionscnaimh, áfach, go mbeidh saoránaigh an Aontais dícháilithe ó vótáil i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ina mBallstát cónaithe má sheasann dlí an Bhallstáit sin leis an gceart sin atá ag gach duine faoi mhíchumas gan srianta.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun vótálaí Aontais a chuir a mhian in iúl bheith cláraithe mar vótálaí a chur ar rolla na dtoghthóirí ***fada go leor*** roimh lá na vótála. | 1. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun vótálaí Aontais a chuir a mhian in iúl bheith cláraithe mar vótálaí a chur ar rolla na dtoghthóirí ***tráth nach déanaí ná 14 seachtaine roimh*** lá na vótála ***chun go mbeidh na Ballstáit in ann faisnéis a mhalartú chun cosc a chur ar ilvótáil ar bhealach tráthúil, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach in Airteagal 13(1).*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) a thabhairt le fios faoi mhír 2 ina ndearbhú nár baineadh de a gceart chun vótáil ina mBallstát baile. | (a) a thabhairt le fios faoi mhír 2 ina ndearbhú nár baineadh de a gceart chun vótáil ina mBallstát baile, más rud é go bhfuil an ceanglas sin ag teastáil freisin ó náisiúnaigh an Bhallstáit chónaithe; |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 3 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) más mian leo, na roghanna teanga i measc teangacha oifigiúla an Aontais a chur in iúl inar mian leo an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 12(2) a fháil.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Fanfaidh vótálaithe Aontais atá curtha ar rolla na dtoghthóirí ar an rolla sin, faoi réir na gcoinníollacha céanna is a fhanann vótálaithe ar náisiúnaigh iad, go dtí go n-iarrann siad go mbainfear a n-ainmneacha nó go dtí go mbainfear a n-ainmneacha toisc nach sásaíonn siad na critéir chun an ceart vótála a fheidhmiú a thuilleadh. I gcás ina bhfuil forálacha i bhfeidhm chun fógra a thabhairt do náisiúnaigh gur baineadh iad de rolla na dtoghthóirí, beidh feidhm ag na forálacha sin maidir le vótálaithe Aontais ar an mbealach céanna. | 4. Fanfaidh vótálaithe Aontais atá curtha ar rolla na dtoghthóirí ar an rolla sin, faoi réir na gcoinníollacha céanna is a fhanann vótálaithe ar náisiúnaigh iad, go dtí go n-iarrann siad go mbainfear a n-ainmneacha nó go dtí go mbainfear a n-ainmneacha toisc nach sásaíonn siad na critéir chun an ceart vótála a fheidhmiú a thuilleadh. I gcás ina bhfuil forálacha i bhfeidhm ***sa Bhallstát cónaithe*** chun fógra a thabhairt do náisiúnaigh gur baineadh iad de rolla na dtoghthóirí, beidh feidhm ag na forálacha sin maidir le vótálaithe Aontais ar an mbealach céanna***, agus cuirfear na fógraí ar fáil i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais atá intuigthe do vótálaithe an Aontais i dtrácht.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh an Ballstát cónaithe na daoine lena mbaineann ar an eolas ***in am trátha*** agus i dteanga ***ghlan shoiléir*** | 1. Cuirfidh an Ballstát cónaithe na daoine lena mbaineann ar an eolas ***go soiléir*** agus ***in am trátha***, i dteanga |

| | |
|---|---|
| faoin gcinneadh a glacadh maidir lena n-iarratas go gcuirfí ar rolla na dtoghthóirí iad nó faoin gcinneadh i leith inghlacthacht a n-iarratais maidir le seasamh mar iarrthóir. | ***oifigiúil de chuid an Aontais atá intuigthe dóibh***, faoin gcinneadh a glacadh maidir lena ***gclárú uathoibríoch nó*** lena n-iarratas go gcuirfí ar rolla na dtoghthóirí iad nó faoin gcinneadh i leith inghlacthacht a n-iarratais maidir le seasamh mar iarrthóir. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás earráidí i rollaí na dtoghthóirí nó i liostaí na n-iarrthóirí do Pharlaimint na hEorpa, beidh an duine lena mbaineann i dteideal cearta in-fhorfheidhmithe ar théarmaí a bheidh comhchosúil lena bhforordaítear i ndlíthe an Bhallstáit chónaithe do vótálaithe agus do dhaoine i atá dteideal seasamh mar iarrthóirí ar náisiúnaigh dá chuid iad. | 3. I gcás earráidí i rollaí na dtoghthóirí nó i liostaí na n-iarrthóirí do Pharlaimint na hEorpa, beidh an duine lena mbaineann i dteideal leigheasanna dlíthiúla ***éifeachtacha*** ar théarmaí a bheidh comhchosúil lena bhforordaítear i ndlíthe an Bhallstáit chónaithe do vótálaithe agus do dhaoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí ar náisiúnaigh dá chuid iad. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Cuirfidh na Ballstáit an duine lena mbaineann ar an eolas go soiléir agus go tráthúil faoin gcinneadh dá dtagraítear i mír 1 agus faoi na leigheasanna dlí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3. | 4. Cuirfidh na Ballstáit an duine lena mbaineann ar an eolas go soiléir agus go tráthúil faoin gcinneadh dá dtagraítear i mír 1 agus faoi na leigheasanna dlí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, ***i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais atá intuigthe dó nó di.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| 1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás ***náisiúnta*** a bheidh freagrach as na bearta is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirtear saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad ar an eolas go tráthúil faoi na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun clárú mar vótálaí nó iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. | 1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás ***inniúil*** a bheidh freagrach as na bearta is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirtear saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad ar an eolas go tráthúil faoi na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun clárú mar vótálaí nó iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. ***Soláthrófar an fhaisnéis ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta ar bhealach comhordaithe agus, aon uair is féidir, i gcomhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, ar chlárú uathoibríoch nó tar éis iarratas a chur isteach chun dul isteach ar an rolla toghthóirí, ag cur san áireamh go bhfuil rollaí na dtoghthóirí le dúnadh 14 seachtaine roimh lá na vótála agus go bhfógrófar iarrthóirí 12 sheachtain roimh lá na vótála chun go mbeidh na Ballstáit in ann faisnéis a mhalartú go tráthúil, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach in Airteagal 13(1).*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) faisnéis maidir le córas toghcháin an Aontais Eorpaigh lena gcumasaítear toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus maidir leis na rialacha náisiúnta agus na nósanna imeachta náisiúnta a bhaineann le rannpháirtíocht i bParlaimint na hEorpa agus eagrú toghchán do Pharlaimint na hEorpa;*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***(d a)     na bearta sonracha chun feidhmiú an chirt chun vótáil a éascú do ghrúpaí áirithe vótálaithe, amhail daoine faoi mhíchumas nó vótálaithe nach féidir leo bheith rannpháirteach ar lá an toghcháin.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. An fhaisnéis maidir leis na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun clárú mar vótálaí nó iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2, ***cuirfear ar fáil í i dteanga ghlan shoiléir.*** | 3. An fhaisnéis maidir leis na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun clárú mar vótálaí nó iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus ***aon fhaisnéis arna cur in iúl de bhun fhorálacha na Treorach seo, cuirfear ar fáil í i dteanga ghlan shoiléir;*** déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 ***a chur in iúl i dteangacha oifigiúla uile an Aontais. Tabharfaidh an Coimisiún rochtain ar an bhfaisnéis agus ar an gcúnamh sin chun tuiscint a fháil ar shaoránaigh, lena n-áirítear trí Europe Direct agus An Eoraip Agatsa.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis maidir leis na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun clárú mar vótálaí nó iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas ***agus*** do dhaoine scothaosta trí bhealaí, modhanna agus formáidí cumarsáide iomchuí a úsáid. | 4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis maidir leis na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun clárú mar vótálaí nó iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta, ***daoine i limistéir iargúlta, grúpaí mionlaigh agus daoine a mbíonn deacrachtaí acu vótáil i gcoitinne trí cheanglais inrochtaineachta a leagtar síos in Iarscríbhinn I de Threoir*** |

***(AE) 2019/882[1a] a chur i bhfeidhm*** trí bhealaí, modhanna agus formáidí cumarsáide iomchuí a úsáid, ***amhail teanga chomharthaíochta, Braille nó formáid atá éasca le léamh***. ***Féadfaidh na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh daoine faoi mhíchumas, arna iarraidh sin dóibh, cúnamh chun vótáil ó dhuine dá rogha féin.***

---

***[1a] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).***

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá chun Airteagal 4 a chur chun feidhme a mhalartú , in am trátha roimh an lá vótála . Chuige sin, tosóidh an Ballstát cónaithe ag soláthar na faisnéise a sholáthraítear in Iarscríbhinn III don Bhallstát baile tráth nach déanaí ná 6 seachtaine tar éis an chéad lá den tréimhse thoghcháin dá dtagraítear in Airteagal 10(1) den Ghníomh a bhaineann le toghadh fheisirí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach . Déanfaidh an Ballstát baile, i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta, bearta iomchuí chun a áirithiú nach gcaithfidh náisiúnaigh dá chuid vóta níos mó ná uair amháin ná seasamh mar iarrthóirí i níos mó ná Ballstát amháin. | 1. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá chun Airteagal 4 a chur chun feidhme a mhalartú, in am trátha roimh an lá vótála ***agus aird chuí á tabhairt ar na dátaí chun iarrthóirí a fhógairt agus na rollaí toghthóirí chun toghchán a dhúnadh***. Chuige sin, tosóidh an Ballstát cónaithe ag soláthar na faisnéise a sholáthraítear in Iarscríbhinn III don Bhallstát baile tráth nach déanaí ná ***16*** seachtaine tar éis an chéad lá den tréimhse thoghcháin dá dtagraítear in Airteagal 10(1) den Ghníomh a bhaineann le toghadh fheisirí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach. Déanfaidh an Ballstát baile, i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta, bearta iomchuí chun a áirithiú nach gcaithfidh náisiúnaigh dá chuid vóta níos mó ná uair amháin ná seasamh mar iarrthóirí i níos mó ná Ballstát amháin. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ballstáit ***a*** dhéanann foráil maidir le ***féidearthachtaí na réamhvótála,*** na vótála poist ***agus na vótála leictreonaí agus idirlín,*** i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, áireoidh na Ballstáit sin go mbeidh na modhanna vótála sin ar fáil faoi choinníollacha a bheidh ***comhchosúil*** leis na coinníollacha is infheidhme maidir lena gcuid náisiúnach féin. | ***Déanfaidh*** na Ballstáit foráil maidir le ***féidearthacht*** na vótála poist i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. ***I gcás na vótála poist, agus i gcás ina bhfuil réamhvótáil agus vótáil leictreonach agus idirlín ar fáil i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa dá náisiúnaigh, áiritheoidh na Ballstáit*** go mbeidh na modhanna vótála sin ar fáil do vótálaithe an Aontais faoi na coinníollacha ***céanna leis na coinníollacha*** is infheidhme maidir lena náisiúnaigh féin. ***Glacfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun iontaofacht agus rúndacht na vótála a áirithiú***. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainmneoidh na Ballstáit údarás a bheidh freagrach as na sonraí staidrimh ***ábhartha*** a bhailiú agus a chur ar fáil don phobal agus don Choimisiún, sonraí maidir le rannpháirtíocht shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. | Ainmneoidh na Ballstáit údarás a bheidh freagrach as na sonraí staidrimh ábhartha a bhailiú agus a chur ar fáil don phobal agus don Choimisiún, sonraí maidir le rannpháirtíocht shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. ***Déanfar na sonraí staidrimh sin a bhailiú ar bhealach trédhearcach comhordaithe ar fud na mBallstát uile agus ar bhonn comhtháscairí.*** |
| | ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a bhaineann le foirm na sonraí dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in*** |

***Airteagal 19.***

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 16*** | ***scriosta*** |
| ***Maoluithe*** | |
| ***1. Más rud é go dtéann an cion de shaoránaigh den Aontas i mBallstát ar leith in aois vótála a bhfuil cónaí orthu ann ach nach náisiúnaigh dá chuid iad thar 20 % den líon iomlán de shaoránaigh den Aontas idir náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh in aois vótála a bhfuil cónaí orthu ann, féadfaidh an Ballstát, de mhaolú ar Airteagal 3, ar Airteagal 9 agus ar Airteagal 10:*** | |
| ***(a) an ceart chun vótáil a theorannú do vótálaithe Aontais a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát sin ar feadh íostréimhse nach bhféadfaidh a bheith níos faide ná 5 bliana;*** | |
| ***(b) an ceart chun seasamh mar iarrthóir a theorannú do shaoránaigh den Aontas atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí, a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát sin ar feadh íostréimhse nach bhféadfaidh a bheith níos faide ná 10 mbliana.*** | |
| ***Tá na forálacha seo gan dochar do bhearta iomchuí a fhéadfaidh an Ballstát sin a dhéanamh maidir le comhdhéanamh liostaí na n-iarrthóirí agus a bhfuil sé mar aidhm acu, go háirithe, comhtháthú shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad a spreagadh.*** | |
| ***Ní bheidh vótálaithe Aontais ná saoránaigh den Aontas , áfach, i dteideal seasamh mar iarrthóirí de bhrí go bhfuil siad tar éis dul chun cónaithe lasmuigh dá mBallstát baile nó de bharr thréimhse an chónaithe sin, nach bhfuil*** | |

***an ceart chun vótáil ná chun seasamh mar iarrthóirí sa Bhallstát baile sin acu, faoi réir na gcoinníollacha maidir le tréimhse chónaithe a leagtar amach.***

***2. Más rud é go bhforordaítear le dlíthe Ballstáit go bhfuil an ceart chun vótáil do pharlaimint náisiúnta an Stáit sin ag náisiúnaigh a bhfuil cónaí orthu ann ach gur as Ballstát eile iad, agus chun na críche sin féadfar iad a chur ar rolla thoghthóirí an Stáit sin faoi réir na gcoinníollacha céanna le vótálaithe náisiúnta, féadfaidh an chéad Bhallstát, de mhaolú ar an Treoir seo, staonadh ó Airteagail 6 go 13 a chur i bhfeidhm i leith na náisiúnach sin.***

***3. 18 mí roimh gach toghchán do Pharlaimint na hEorpa, cuirfidh an Coimisiún tuairisc faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina seiceálfaidh sé an bhfuil gá fós le maolú de bhun Airteagal 22 (2) CFAE a thabhairt do na Ballstáit agus molfaidh sé go ndéanfaí aon choigeartú is gá.***

***Tabharfaidh na Ballstáit a agraíonn maoluithe faoi mhír 1 gach faisnéis chúlra atá riachtanach don Choimisiún.***

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Laistigh de 6 mhí tar éis gach toghchán do Pharlaimint na hEorpa seolfaidh na Ballstáit faisnéis chuig an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo ina gcríoch. De bhreis ar bharúlacha ginearálta, beidh sonraí staidrimh sa tuarascáil ar rannpháirtíocht vótálaithe agus shaoránaigh den Aontas i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí agus | 1. Laistigh de 6 mhí tar éis gach toghchán do Pharlaimint na hEorpa seolfaidh na Ballstáit faisnéis chuig an gCoimisiún ***agus chuig Parlaimint na hEorpa*** maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo ina gcríoch. De bhreis ar bharúlacha ginearálta, beidh sonraí staidrimh sa tuarascáil ar rannpháirtíocht vótálaithe agus shaoránaigh den Aontas i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa atá i |

| | |
|---|---|
| achoimre de na bearta a glacadh chun tacú leis. | dteideal seasamh mar iarrthóirí ***dá dtagraítear in Airteagal 15*** agus achoimre de na bearta a glacadh chun tacú leis. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Laistigh de 2 bhliain ***tar éis toghcháin 2029*** do Pharlaimint na hEorpa, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a chur i bhfeidhm agus cuirfidh sé tuarascáil mheastóireachta ar fáil maidir leis an dul chun cinn i dtreo na cuspóirí atá ann a bhaint amach. Áireofar leis an meastóireacht freisin ***athbhreithniú*** ar fheidhmiú Airteagal 13. | Laistigh de 2 bhliain tar éis ***gach toghcháin*** do Pharlaimint na hEorpa, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a chur i bhfeidhm agus cuirfidh sé tuarascáil mheastóireachta ar fáil maidir leis an dul chun cinn i dtreo na cuspóirí atá ann a bhaint amach. Áireofar leis an ***tuarascáil mheastóireachta*** freisin ***measúnú*** ar fheidhmiú Airteagal 13. ***Beidh togra reachtach ag gabháil leis an meastóireacht, más iomchuí, chun an Treoir seo a leasú.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 20 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail ***9, 10 agus 13*** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail ***9(5), 10(3) agus 13(4)*** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 20 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh an Chomhairle | 3. Féadfaidh an Chomhairle |

| | |
|---|---|
| tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail ***9, 10 agus 13*** a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin. | tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail ***9(5), 10(3) agus 13(4)*** a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 20 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail ***9, 10 agus 13*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh an Chomhairle tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh sí aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh na Comhairle. | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail ***9(5), 10(3) agus 13(4)*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh an Chomhairle tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh sí aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh na Comhairle. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Is mian liom an t-eolas ar fad a bheidh ann amach anseo maidir leis na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fháil i gceann amháin de na teangacha seo a leanas:*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn II – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Níl an ceart bainte díom seasamh mar iarrthóir i mo Bhallstát baile. | Níl an ceart bainte díom seasamh mar iarrthóir i mo Bhallstát baile***[1a]***. |

***[1a] Ach amháin má cheanglaítear an méid sin ar náisiúnaigh an Bhallstáit chónaithe.***

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn II – pointe 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Is mian liom an t-eolas ar fad a bheidh ann amach anseo maidir leis na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fháil i gceann amháin de na teangacha seo a leanas:*** |

# NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | lena leagtar síos socruithe sonracha a bhaineann le cearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú) |
| **Tagairtí** | COM(2021)0732 – C9-0021/2022 – 2021/0372(CNS) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFCO<br>27.1.2022 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>27.1.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Domènec Ruiz Devesa<br>20.4.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 27.6.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 25.10.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 49<br>–: 3<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Abir Al-Sahlani, Konstantinos Arvanitis, Pietro Bartolo, Vladimír Bilčík, Malin Björk, Vasile Blaga, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Joachim Stanisław Brudziński, Damien Carême, Caterina Chinnici, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in ‘t Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Theresa Muigg, Maite Pagazaurtundúa, Paulo Rangel, Karlo Ressler, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Tomas Tobé, Yana Toom, Milan Uhrík, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Jadwiga Wiśniewska, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Susanna Ceccardi, Gwendoline Delbos-Corfield, José Gusmão, Erik Marquardt, Matjaž Nemec, Janina Ochojska, Sira Rego, Franco Roberti, Rob Rooken, Róża Thun und Hohenstein |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Mohammed Chahim, Morten Løkkegaard |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 49 | + |
|---|---|
| EPP | Asim Ademov, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Nadine Morano, Janina Ochojska, Paulo Rangel, Karlo Ressler, Sara Skyttedal, Tomas Tobé, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Javier Zarzalejos |
| S&D | Pietro Bartolo, Mohammed Chahim, Caterina Chinnici, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Theresa Muigg, Matjaž Nemec, Franco Roberti, Birgit Sippel, Elena Yoncheva |
| RENEW | Abir Al-Sahlani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Morten Løkkegaard, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu, Róża Thun und Hohenstein, Yana Toom |
| VERTS/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Damien Carême, Gwendoline Delbos-Corfield, Erik Marquardt, Tineke Strik |
| AN CHLÉ | Konstantinos Arvanitis, Malin Björk, José Gusmão, Sira Rego |

| 3 | - |
|---|---|
| ID | Susanna Ceccardi, Annalisa Tardino |
| NI | Milan Uhrík |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ECR | Joachim Stanisław Brudziński, Patryk Jaki, Rob Rooken, Vincenzo Sofo, Jadwiga Wiśniewska |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh: